Parlaimint na hEorpa
2024-2029

An Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta
An Cathaoirleach

8.9.2025

An tUasal Johan Van Overtveldt
Cathaoirleach
An Coiste um Buiséid
AN BHRUISÉIL

Ábhar: Tuairim ar Shlógadh an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha tar éis iarratas ón mBeilg - EGF/2025/001 BE/BelGaN - an Bheilg (2025/0198(BUD))

A Chathaoirligh, a chara,

Faoin nós imeachta dá dtagraítear thuas, iarradh ar an gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta tuairim a chur faoi bhráid do choiste. Ag an gcruinniú a bhí aige an 2 Meán Fómhair 2025, chinn an coiste an tuairim a sheoladh i bhfoirm litreach.

Rinne an Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta breithniú ar an ábhar ag an gcruinniú a bhí aige an 8 Meán Fómhair 2025. Ag an gcruinniú sin, chinn sé an tuairim a leagtar amach thíos a chur faoi bhráid an Choiste um Buiséid, mar an coiste atá freagrach.

Is mise, le meas,

Li Andersson

TUAIRIM

A. de bhrí, an 21 Feabhra 2025, gur chuir an Bheilg iarratas isteach chun an Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED) a shlógadh i gcomhréir le hAirteagal 8(1) de Rialachán (AE) 2021/691 (Rialachán CED), tar éis díláithriú in BelGaN BV (BelGaN) sa Bheilg, san earnáil eacnamaíoch a aicmítear faoi NACE Athbhreithniú 2 rannán 26 (Monarú táirgí ríomhaireachta, leictreonacha agus optúla); de bhrí go bhfuil na hiomarcaíochtaí a rinne BelGaN lonnaithe i réigiún NUTS 2 de Provincie Oost-Vlaanderen (BE23);

B. chuir an Bheilg an t-iarratas isteach faoi na critéir idirghabhála in Airteagal 4(2), pointe (a), de Rialachán (AE) 2021/691, lena gceanglaítear scor na gníomhaíochta i gcás 200 oibrí iomarcach ar a laghad le linn tréimhse thagartha 4 mhí (sa chás seo ón 31 Iúil 2024 go dtí an 30 Samhain 2024) i bhfiontar atá lonnaithe i mBallstát, lena n-áirítear oibrithe a cuireadh chun bealaigh i soláthraithe agus i dtáirgeoirí iartheachtacha agus/nó daoine féinfhostaithe ar cuireadh deireadh lena ngníomhaíocht; de bhrí, tar éis measúnú a dhéanamh ar an iarratas sin, gur tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, i gcomhréir leis na forálacha uile is infheidhme de Rialachán CED, go gcomhlíontar na coinníollacha chun ranníocaíocht airgeadais a dhámhachtain ó CED;

C. de bhrí go mbaineann an t-iarratas le 417 n-oibrí iomarcacha (tairbhithe incháilithe) a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíocht sna hearnálacha eacnamaíocha a léirítear thuas;

D. de bhrí, an 26 Lúnasa 2025, gur chuir an Coimisiún togra le haghaidh cinneadh maidir le CED a shlógadh i bhfabhar na Beilge chun tacú le hath-imeascadh na n-oibrithe iomarcacha uile sa mhargadh saothair (417 dtairbhí spriocdhírithe) faoi bhráid na Parlaiminte agus na Comhairle;

E. de bhrí gur tharla na hiomarcaíochtaí sin de dheasca fhéimheacht BelGaN; de bhrí go raibh saoráidí táirgthe agus T&F de Onsemi, monarú leathsheoltóirí SAM, tógtha ar láimh ag BelGaN in Oudenaarde agus é d'aidhm aige teicneolaíochtaí sliseanna nítríde Gailliam (GaN) a chur chun cinn; de bhrí go bhfuil acmhainneacht nach beag ag GaN i dtionscal na leathsheoltóirí, arb acmhainneacht í lena bhféadfaí feabhas suntasach a chur ar fheidhmíocht agus ar éifeachtúlacht sliseanna traidisiúnta sileacanbhunaithe; d'fhéach BelGaN, agus é á chur é féin chun cinn mar mhonaróir leathsheoltóirí atá dírithe ar an earnáil mótarfheithiclí, go gníomhach le hinfheisteoirí nua a fháil chun a aistriú atá dian ar chaipiteal a chur chun cinn ó mhonaróir sliseanna sileacanbhunaithe go monaróir sliseanna atá bunaithe ar nítríd ghailliam; de bhrí, áfach, nár leor mianach GaN chun an fiontar a choinneáil i mbun gnó, agus gur buaileadh buille ar BelGaN in 2023, nuair a taifeadadh glanchaillteanas EUR 8,3 milliún ar ioncam EUR 55 mhilliún, arb é ba chúis leis an méadú ar chostais fuinnimh, cheimiceacha agus saothair; de bhrí nárbh fhéidir leis an bhfiontar infheistíocht leordhóthanach a thiomsú, rud ba chúis lena chliseadh sa deireadh. Scoir BelGaN d'oibríochtaí agus rinne sé iarratas ar fhéimheacht an 30 Iúil 2024, rud a d'fhág go ndearnadh 417 n-iomarcaíocht;

F. de bhrí go bhfuil méadú ag teacht ar fhéimheachtaí sa Bheilg ó bhí 2022 ann. de bhrí go ndearna níos mó ná 11 000 fiontar iarratas ar fhéimheacht in 2024, agus 57 % díobh i bhFlóndras, an líon is airde ó bhí 2013 ann; de bhrí, mar thoradh air sin, gur cailleadh

32 566 phost (59 % i bhFlóndras) 18,3 % níos mó ná mar a cailleadh in 2023; de bhrí go bhfuil na teagmhais athstruchtúrúcháin a tharla le déanaí amhail na hiomarcaíochtaí in Van Hool, Sappy agus Purmo, ar teagmhais iad a ndearna an Bheilg iarratas ar thacaíocht CED ina leith, ag déanamh difear do mhargadh saothair Fhlóndras: de bhrí go bhfuil laghdú tagtha ar fholúntais post sa tionscal;

G. de bhrí gurb é Oudenaarde an chríoch is mó a ndéanann na hiomarcaíochtaí in BelGaN difear di; de bhrí gur tháinig méadú 9 % bliain ar bhliain i mí na Nollag 2024 ar líon na gcuardaitheoirí poist dífhostaithe in Oudenaarde; de bhrí go raibh an méadú thar a bheith suntasach i measc oibrithe dífhostaithe ardoilte agus meánoilte (+ 13,5 % agus + 12,9 % faoi seach), agus méadú 3 % a bhí ann i measc na n-oibrithe ar bheagán oiliúna; de bhrí gur tháinig laghdú 17,7 % bliain ar bhliain in Oudenaarde in 2024 ar an líon folúntas poist a thuairiscigh fostóirí do VDAB, an tseirbhís phoiblí fostaíochta Phléimeannach; de bhrí gur lean an líon folúntas post an treocht anuas chéanna, é ag titim 21,8 % in 2024 i gcomparáid le 2023, nó 32,4 % mura mbreithnítear ach gairmeacha tionsclaíocha, rud a thugann le fios go bhfuil lag trá sa mhargadh saothair; de bhrí, de réir VDAB, go bhfuil sé deacair oibrithe atá ag dul ar scor i bpoist thionsclaíocha a ionadú, mar gheall ar an meascán de lucht saothair atá ag dul in aois agus an easpa spéise in ETIM (eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht agus matamaitic) i measc na ndaoine óga, rud a d'fhéadfadh a bheith ina bhuntáiste d'iarfhostaithe BelGaN atá i mbun aistriú poist;

H. de bhrí nach rabhthas ag súil le féimheacht BelGaN. I gcomhaontú le hionadaithe na bhfostaithe: Cónaidhm Ghinearálta Saothair na Beilge (ABVV) agus Cónaidhm na gCeardchumann Trádála Críostaí (ACV), chinn VDAB tús a chur láithreach leis na bearta a sholáthar do na hoibrithe, seachas fanacht le táthcheangal a d'fhéadfadh tarlú; de bhrí, dá bhrí sin, nárbh fhéidir ach ullmhúcháin theoranta a dhéanamh; de bhrí go bhfuil sé deimhnithe anois ag Thema Foundries go mbeidh siad lonnaithe in iar-láithreán Belgan chun ionad sliseanna fótónaice nua a bhunú i bhFlóndras; de bhrí go bhféadfadh sé sin deiseanna nua fostaíochta a chur ar fáil d'iar-oibrithe Belgan a leagadh as an bhliain seo caite agus a bhain tairbhe as tacaíocht CED;

I. de bhrí nach rachaidh CED thar uasmhéid bliantúil EUR 30 milliún (i bpraghsanna 2018), mar a leagtar síos in Airteagal 8 de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027, arna leasú le Rialachán (AE, Euratom) 2024/765 ón gComhairle an 29 Feabhra 2024;

dá bhrí sin, iarrann an Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta ar an gCoiste um Buiséid, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a chomhtháthú ina thairiscint i gcomhair rúin:

1. ag meabhrú gurb é cuspóir CED dlúthpháirtíocht le tairbhithe a léiriú agus tacú leo; á mheas gur cheart ranníocaíochtaí airgeadais ó CED a dhíriú go príomha ar bhearta gníomhacha beartais an mhargaidh saothair agus ar sheirbhísí pearsantaithe arb é is aidhm dóibh tairbhithe a ath-imeascadh go mear i bhfostaíocht atá cuibhiúil agus inbhuanaithe laistigh nó lasmuigh dá n-earnáil gníomhaíochta tosaigh; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé oibrithe a ullmhú agus tacú leo in aistrithe glasa agus digiteacha gheilleagar agus shochaí na hEorpa, a bhfuil géarghá leo; ag athdhearbhú, sa

chomhthéacs sin, an róil thábhachtaigh atá ag an Aontas, lena n-áirítear trí CED, i rannchuidiú le maoiniú na gcáilíochtaí is gá don aistriú cóir i gcomhréir leis an gComhaontú Glas don Eoraip;

2. ag aontú leis an gCoimisiún go bhfuil na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 4(2), pointe (a), de Rialachán CED comhlíonta agus go bhfuil an Bheilg i dteideal EUR 931 690 de ranníocaíocht airgeadais a fháil faoin Rialachán sin, arb ionann í agus 85 % den chostas iomlán de EUR 1 096 107, a chuimsíonn EUR 1 052 607 de chaiteachas ar sheirbhísí pearsantaithe agus EUR 43 500 de chaiteachas ar ghníomhaíochtaí ullmhúcháin, bainistíochta, faisnéise agus poiblíochta, rialaithe agus tuairiscithe;

3. ag tabhairt dá haire gur thuairiscigh an Bheilg go gceanglaítear, faoin dlí saothair náisiúnta maidir le bainistiú gníomhach athstruchtúrúcháin, ar fhiontair a bhfuil athstruchtúrú á dhéanamh orthu aonad fostaíochta a bhunú, arb é is cuspóir dó 30 uair an chloig de sheirbhísí socrúcháin sheachtraigh i dtréimhse 3 mhí a sholáthar d'oibrithe a leagadh as a bpost i gcomhthéacs comhiomarcaíochtaí (60 uair an chloig i dtréimhse 6 mhí i gcás oibrithe 45 bliana d'aois nó níos sine); de bhrí, áfach, ós rud é nach bhfuil feidhm ag an oibleagáid dhlíthiúil sin i gcás féimheachta, gur chuir VDAB na seirbhísí socrúcháin sheachtraigh ar fáil do na hoibrithe lena acmhainní dílse;

4. á chur i bhfáth, gur dheimhnigh an Bheilg nach bhfaigheadh na bearta arna dtacú le CED aon ranníocaíochtaí airgeadais ó ionstraimí airgeadais eile de chuid an Aontais;

5. ag tabhairt dá haire go bhfuil na bearta seo a leanas sa phacáiste comhordaithe pearsantaithe atá le soláthar d'oibrithe iomarcacha: (a) seisiúin faisnéise, (b) seirbhísí socrúcháin sheachtraigh (measúnú ar scileanna digiteacha, cúnamh cuardaigh poist, nó cúnamh i leith féinfhostaíochta, etc.), (c) oiliúint agus athoiliúint, (d) oiliúint san ionad oibre, (e) aonach fostaíochta, (f) cúnamh cuardaigh poist, agus (g) scabhtáil fostaíochta agus meaitseáil poist;

6. á chur i bhfáth go háirithe a thábhachtaí atá Airteagal 7.2 de Rialachán CED, lena gceanglaítear go mbeidh pacáiste comhordaithe ann chun na peirspictíochtaí agus na scileanna riachtanacha sa mhargadh saothair amach anseo a réamh-mheas, ar nithe iad atá i gcomhréir leis an aistriú i dtreo geilleagar atá inbhuanaithe agus éifeachtúil ó thaobh acmhainní de agus fócas áirithe ann ar leathadh na scileanna is gá sa ré dhigiteach thionsclaíoch; á chur in iúl gur geal léi go n-áirítear in oiliúint TFC agus tacaíocht bhreise an phacáiste a thuartar laistigh de na seirbhísí socrúcháin sheachtraigh na scileanna sin go háirithe measúnú ar scileanna digiteacha agus forálacha d'oibrithe chun ríomhaire glúine a fháil ar iasacht, oiliúint a fháil ar conas é a úsáid agus freagraí a fháil ar a gceisteanna digiteacha;

7. ag meabhrú na féidearthachta atá ann le haghaidh bearta speisialta a bhfuil teorainn ama leo laistigh den phacáiste comhordaithe lena n-áirítear, inter alia, liúntais cúraim leanaí a íoc, mar a fhoráiltear in Airteagal 7.2 b de Rialachán CED, chun rannpháirtíocht cuardaitheoirí poist sna gníomhaíochtaí atá beartaithe a éascú.